Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15586/25**

**EDUC 453**
**SOC 781**
**EMPL 518**
**DIGIT 242**
**ENV 1237**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rún ón gComhairle maidir leis an dara timthriall den chreat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais (2026-2030)<br>– *Staid na himeartha* |

1. An 2 Iúil 2025, chuir an Uachtaránacht an chéad dréacht den Rún thuasluaite faoi bhráid na dtoscaireachtaí. Leis an téacs, déantar athbhreithniú agus nuashonrú ar dhá Rún a d'fhormheas an Chomhairle in 2021[1] atá mar bhonn leis an gcomhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint.

[1] Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030) (IO C 66, 26.2.2021, lch. 1), agus Rún ón gComhairle maidir le struchtúr rialachais an chreata straitéisigh le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéar Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030) (IO C 497, 10.12.2021, lch. 1).

2. Scrúdaigh an Coiste Oideachais an téacs ag roinnt cruinnithe. Rinneadh plé fairsing ar na príomhghnéithe uile a bhaineann leis an dara timthriall den chreat straitéiseach (eadhon tosaíochtaí straitéiseacha, rialachas agus spriocanna ar leibhéal an Aontais), agus ina dhiaidh sin bhí an Uachtaránacht in ann téacs comhréitigh cothrom a chur ar fáil. Tá saincheist amháin fós gan réiteach, saincheist a bhaineann le sprioc 8a maidir le soghluaisteacht foghlama san ardoideachas, nach raibh toscaireacht amháin in ann a forchoimeádas a tharraingt siar ina leith go dtí seo (mar a léiríodh le linn chruinnithe Choiste na mBuanionadaithe an 14 agus an 21 Samhain 2025).

3. An téacs a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta atá i gceangal leis seo, lena n-áirítear an dá sprioc a bhaineann le soghluaisteacht foghlama (eadhon sprioc 8a agus sprioc 8b)[2], aontaíonn na toscaireachtaí eile go léir leis.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe bailchríoch a chur ar ullmhú na míre agus í a chur faoi bhráid na Comhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt.

---

[2] Arna nglacadh sa Mholadh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2024 ‘An Eoraip ag Bogadh’ – deiseanna soghluaisteachta foghlama do chách, IO C, C/2024/3364, 14.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3364/oj.

Dréacht-Rún ón gComhairle maidir leis an dara timthriall den chreat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais (2026-2030)

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

AGUS É Á MHEABHRÚ AICI

– an Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030), an Rún ón gComhairle maidir le struchtúr rialachais an chreata straitéisigh le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéar Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030) agus an Rún ón gComhairle maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais: I dtreo 2025 agus níos faide anonn, inar fógraíodh go ndéanfadh an Chomhairle athbhreithniú ar an gcreat straitéiseach – lena n-áirítear spriocanna ar leibhéal an Aontais, struchtúr rialachais, modhanna oibre agus réimsí tosaíochta – in 2025 agus aon choigeartú is gá a dhéanamh don dara timthriall, de réir mar is iomchuí, chun oiriúnú d'fhíorstaid agus do riachtanais an Limistéir Eorpaigh Oideachais nó d'aon mhórfhorbairtí san Aontas Eorpach;
– an cúlra polaitiúil a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

AGUS É Á AITHINT AICI

– rannchuidiú tábhachtach an chomhair Eorpaigh san oideachas agus san oiliúint le codanna ábhartha den Seimeastar Eorpach.

AGUS É Á ATHDHEARBHÚ AICI

– an gá atá le comhordú agus comhleanúnachas thionscnaimh uile an Aontais i réimse an oideachais agus na hoiliúna, go háirithe iad siúd a bhaineann le scileanna agus inniúlachtaí, agus lánurraim á tabhairt don bhunús dlí do na réimsí beartais faoi seach mar a leagtar amach sna Conarthaí é.

DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI

– an tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an meastóireacht eatramhach ar chreat straitéiseach an Limistéir Eorpaigh Oideachais 2021-2030[3].

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AR AN MÉID SEO A LEANAS:

– i bhfianaise timpeallacht gheopholaitiúil atá ag athrú, tá sé ríthábhachtach spreagadh a thabhairt chun go mbainfear amach rochtain chomhionann agus chuimsitheach do chách ar oideachas agus oiliúint ardcháilíochta don fhás aonair, don fhorbairt inbhuanaithe shóisialta agus eacnamaíoch, don daonlathas, don athléimneacht, don chomhtháthú sóisialta, don iomaíochas agus don ullmhacht;

– an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach, is é sin uaillmhian uileghabhálach an chomhair Eorpaigh san oideachas agus san oiliúint i gcónaí. Sa chomhthéacs sin, chun go mbainfidh daoine aonair agus an tsochaí barr a gcumais amach, ní mór breathnú ar an oideachas agus ar an oiliúint ó thaobh an dhearcaidh iomlánaíoch de.

AGUS É Á AITHINT AICI:

– an dul chun cinn suntasach a rinneadh ó 2021 ar aghaidh chun an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach, agus gur seoladh go leor tionscnamh i gcomhréir leis na tosaíochtaí straitéiseacha. Tá gá fós le tuilleadh cur chun feidhme i gcás roinnt tionscnamh;

– tá Rúin 2021 ón gComhairle maidir leis an gcreat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint fós mar bhonn don chomhar. Leis an Rún seo ón gComhairle, déantar na Rúin sin a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta.

[3] COM(2025) 340 final.

TUGANN SÍ DÁ hAIRE, dé réir na tuarascála ón gCoimisiún maidir leis an meastóireacht eatramhach ar chreat straitéiseach an Limistéir Eorpaigh Oideachais 2021-2030:

– an breisluach Eorpach a bhain leis an gcreat straitéiseach chun na Ballstáit a thabhairt le chéile maidir le spriocanna cainníochtaithe agus tosaíochtaí comhroinnte. D'éirigh leis torthaí agus feabhsuithe ábhartha a bhaint amach. Tá soláthar ionstraimí cur chun feidhme an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus comhcheangal na n-ionstraimí sin éifeachtach agus comhleanúnach le chéile agus leis na tosaíochtaí foriomlána. Léiríonn an fhianaise gur éirigh leis an Limistéar Eorpach Oideachais gníomhaíochtaí tábhachtacha nua ar leibhéal an Aontais a chur i gcrích, gur spreag sé athchóirithe náisiúnta agus gur thacaigh sé leo, agus gur bhunaigh sé conairí struchtúracha, sistéamacha agus inbhuanaithe le haghaidh comhar Eorpach níos doimhne idir institiúidí oideachais. I gcásanna áirithe, chuaigh an comhar ar leibhéal an Aontais os cionn na n-ionchas agus na n-uaillmhianta a bhí ann ar an gcéad dul síos, trí línte éifeachtúla cumarsáide agus freagairt chomhordaithe a chur ar fáil le linn bainistiú géarchéime, agus ar an gcaoi sin borradh a chur faoi athléimneacht an Aontais;

– tá neart an chreata straitéisigh bunaithe ar an mbunús láidir atá aige ó thaobh comhar deonach agus comhchruthú de. I rith na gcomhairliúchán le haghaidh na meastóireachta, dhearbhaigh na Ballstáit go bhfuil rún láidir acu leanúint den chomhar tríd an gcreat straitéiseach;

– tá na dúshláin mhóra, arna struchtúrú trí na tosaíochtaí straitéiseacha a shainaithin an Chomhairle in 2021 agus i gcomhréir leis an Rún ón gComhairle in 2023, ábhartha i gcónaí;

– is féidir roinnt réimsí a shainaithint a bhféadfaí feabhas a chur orthu: tosaíochtaí straitéiseacha, comhordú agus comhleanúnachas trasearnála, an tsamhail rialachais, agus dhá bhearna mhóra (easpa spriocanna ar leibhéal an Aontais le haghaidh roinnt tosaíochtaí seanbhunaithe nó tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus easpa fianaise chórasach ar athchóirithe náisiúnta mar obair leantach ar thionscnaimh an Aontais);

– le struchtúir rialachais an Limistéir Eorpaigh Oideachais, go sonrach an Grúpa Ardleibhéil um Oideachas agus Oiliúint, arna threisiú ag a Bhord Comhordúcháin, áirithíodh stiúradh polaitiúil níos láidre agus socrú clár oibre níos straitéisí. Chuir an Limistéar Eorpach Oideachais fíorghné Eorpach chun cinn san oideachas agus san oiliúint;

– a mhéid a bhaineann le spriocanna ar leibhéal an Aontais, áfach, léirítear scéal níos casta leis na treochtaí maidir lena mbaint amach. I gcás roinnt spriocanna, rinneadh forbairtí dearfacha (e.g. níos lú luathfhágálaithe scoile), ach i gcás roinnt spriocanna eile, ní dhearnadh ach dul chun cinn teoranta nó tháinig laghdú orthu fiú (e.g. bunscileanna).

AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI FREISIN

– an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hAontas na Scileanna[4], ina leagtar béim ar a thábhachtaí atá scileanna maidir le hiomaíochas na hEorpa, bídís bunscileanna nó scileanna a fhaightear trí uas-sciliú agus athsciliú ar feadh an tsaoil. Fógraíonn an Coimisiún cur chuige nua, lena n-áirítear moladh AE-27 maidir le caipiteal daonna mar chuid den Seimeastar Eorpach, ina gcomhcheanglaítear beartais oideachais, oiliúna agus fostaíochta, agus iad aontaithe faoi fhís choiteann i ndáil le hiomaíochas;

– an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an bPlean Gníomhaíochta um Bunscileanna[5], ar freagairt é ar leibhéil laghdaitheacha sa bhunlitearthacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht[6], agus lena dtugtar aghaidh freisin ar leibhéil laghdaitheacha na mbunscileanna digiteacha agus an eolais shibhialta[7];

---

4 COM(2025) 90 final.
5 COM(2025) 88 final.
6 Arna fhianú ag PISA agus PIAAC do dhaoine fásta.
7 Arna fhianú ag ICILS agus ICCS+.

– an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Plean Straitéiseach um Oideachas ETIM[8]: scileanna don iomaíochas agus don nuálaíocht[9], lena léirítear dúshláin in ETIM ar gach leibhéal oideachais agus oiliúna, mar shampla laghdú spéise, rannpháirtíochta agus gnóthachtála, ganntanas múinteoirí ETIM agus bearnaí inscne agus éagsúlachta, ar gá don Chomhairle aghaidh a thabhairt orthu go léir;

– rún an Choimisiúin Faireachlann Eorpach um Fhaisnéis Scileanna agus Bord Ardleibhéil Eorpach um Scileanna a bhunú, mar a fógraíodh sa teachtaireacht maidir le hAontas na Scileanna.

AONTAÍONN SÍ leis an méid seo a leanas:

1. Chun go n-éireoidh go maith linn i saol an lae inniu agus chun claochluithe sa tsochaí amach anseo a ghleic, sa gheilleagar agus i margadh an tsaothair, ní mór na heochair-inniúlachtaí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil[10] a bheith ag gach duine aonair agus sa chomhthéacs sin, tá ról tábhachtach le himirt ag an ilteangachas agus ag inniúlachtaí agus scileanna idirdhisciplíneacha. Chun leanúint den mhéid sin a bhaint amach, is gá bearta beartais a shainaithint a d'fhéadfadh borradh a chur faoin rath san oideachas do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear deiseanna oideachais agus oiliúna ag tráthanna éagsúla den saol.

2. Tá dúshlán iomaíochais roimh an Aontas. Cé go bhfuiltear ag súil freisin go ndéileálfaidh córais oideachais agus oiliúna le dúshláin dhéimeagrafacha, beidh ar na córais sin freisin na scileanna is gá a thabhairt do dhaoine aonair chun borradh a chur faoi iomaíochas agus neamhspleáchas straitéiseach na hEorpa sna blianta amach romhainn agus beidh orthu tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach. Trí acmhainneacht a fhorbairt don athléimneacht agus don chumas géarchéimeanna a sheasamh agus téarnamh uathu, cuideofar le córais oideachais agus oiliúna a sheasfaidh an aimsir a thógáil ar fud an Aontais, ag tógáil ar na ceachtanna a foghlaimíodh agus ag freagairt do thionchar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, gona iarmhairtí ar shlándáil na hEorpa.

---

8 Eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic.
9 COM(2025) 89 final.
10 Mar a shainmhínítear sa Mholadh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le hinniúlachtaí lárnacha don fhoghlaim ar feadh an tsaoil (IO C 189, 4.6.2018, lch. 1).

3. Beidh an creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint ar an bpríomhuirlis chun tacú leis an Limistéar Eorpach Oideachais agus chun é a chur chun feidhme, agus aird iomlán á tabhairt ar a chur chuige iomlánaíoch agus, i gcás inarb ábhartha, i sineirgíocht le hAontas na Scileanna.

4. Cé go bhfuil an-dul chun cinn déanta chun an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach, tá obair fós le déanamh chun é a bhaint amach go hiomlán faoi 2030.

5. I bhfianaise na bhforbairtí le linn an chéad timthrialla den chreat straitéiseach, is gá féachaint arís ar na tosaíochtaí straitéiseacha, ar na réimsí tosaíochta agus ar na spriocanna ar leibhéal an Aontais a leagadh síos in 2021 agus iad a oiriúnú, chomh maith leis an oideachas le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh a threisiú ar fud na dtosaíochtaí straitéiseacha uile.

6. Tá cur chun cinn na cáilíochta, an chothromais, an chuimsithe agus an ratha do chách fós i gcroílár an Limistéir Eorpaigh Oideachais, agus tá an méid sin le brath ina thosaíochtaí straitéiseacha go léir. Sa dara timthriall (2026-2030), tabharfaidh an creat straitéiseach aghaidh ar na sé thosaíocht straitéiseacha seo a leanas, agus úsáid á baint as na hacmhainní airgeadais atá ar fáil:

**Tosaíocht straitéiseach 1: Litearthacht, matamaitic agus eolaíocht do chách**

Cuidíonn oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán le gach foghlaimeoir inniúlachtaí a fhorbairt ina bhfuil eolas, scileanna agus dearcthaí atá ríthábhachtach do cháilíocht saoil an duine aonair, dá dheiseanna fostaíochta, don chomhtháthú sóisialta agus don iomaíochas agus d'athléimneacht agus ullmhacht an Aontais. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ba cheart do chórais oideachais agus oiliúna rochtain, rannpháirtíocht agus torthaí cothroma a áirithiú trí fhoghlaim ardcháilíochta, cuimsiú agus folláine a chur chun cinn. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta sa chéad timthriall den chreat straitéiseach, tá sé ríthábhachtach i gcónaí tuilleadh feabhais a chur ar oideachas, oiliúint agus scileanna don fhás pearsanta, do shaoránacht ghníomhach agus d'fhorbairt ghairmiúil foghlaimeoirí gan beann ar aois.

Tá leibhéal leordhóthanach litearthachta (léitheoireacht, scríbhneoireacht agus tuiscint fhónta ar fhaisnéis scríofa agus béil), matamaitic agus eolaíocht do chách mar bhonn le gach foghlaim bhreise. Cuireann an bonn sin ar chumas foghlaimeoirí inniúlachtaí níos leithne agus níos speisialaithe araon a fhorbairt, mar shampla in ETIM[11], agus a bheith rathúil san oideachas tosaigh agus leanúnach, sa mhargadh saothair agus sa tsochaí ar bhonn níos leithne. Chun litearthacht, matamaitic agus eolaíocht a sholáthar, tá sé ríthábhachtach go ndéanfar cáilíocht an teagaisc agus cothromas agus cuimsiú a fheabhsú. Cuideoidh sin lena áirithiú go n-éireoidh le gach duine san oideachas agus san oiliúint, rud atá níos tábhachtaí anois ná riamh.

---

11 Féadfar cur chuige ETIEM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, na healaíona agus matamaitic), ina nglactar le hacmhainneacht chruthaitheach oideachas ETIM trína nascadh leis na healaíona, na daonnachtaí agus na heolaíochtaí sóisialta, féadfar an cur chuige sin a chur i bhfeidhm freisin.

Tá dúshlán criticiúil roimh an Eoraip: léiríonn measúnaithe idirnáisiúnta a rinneadh le déanaí, lena n-áirítear PISA, meath ar ábhar imní é sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht**,** agus tá méadú ag teacht ar líon na ndaltaí nach bhfuil íosleibhéil inniúlachta bainte amach acu. Caithfear iarrachtaí breise a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt air sin, lena n-áirítear iarrachtaí chun luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna a laghdú agus chun rochtain ar oideachas agus cúram luath-óige ar ardchaighdeán a fheabhsú, go háirithe d'fhoghlaimeoirí ó ghrúpaí leochaileacha. Tá sé ríthábhachtach scileanna sa litearthacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht a chur ar fáil do gach duine, agus príomhinniúlachtaí a chur chun cinn don fhoghlaim ar feadh an tsaoil i gcoitinne, dá bhforbairt phearsanta agus ghairmiúil agus cuidíonn sé sin le haghaidh a thabhairt ar neamhionannais shocheacnamaíocha agus ar ghanntanais scileanna. Ag an am céanna, trí fheabhas a chur ar cháilíocht san oideachas agus san oiliúint, ba cheart go méadófaí líon na ngníomhaithe is fearr, lena n-áirítear d'fhonn cumas nuálaíochta agus iomaíochas na hEorpa a neartú.

Ar fud na hEorpa, tá ró-ionadaíocht ann i dtaobh foghlaimeoirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste i measc daltaí lagchumasacha. Chun córais oideachais agus oiliúna fíorchuimsitheacha a bheith ann, níor cheart gnóthachtáil oideachais agus gnóthachtáil foghlaimeoirí ar gach leibhéal agus i ngach cineál oideachais agus oiliúna a chinneadh ar bhonn tosca pearsanta, sóisialta agus eacnamaíocha. Is éard atá i gceist le hoideachas agus oiliúint chuimsitheach freisin íogaireacht a fhorbairt i bpróisis foghlama chun éagsúlacht, cuimsiú agus neamh-idirdhealú a chur san áireamh. Sa chomhthéacs sin, tá sé chomh tábhachtach céanna aghaidh a thabhairt ar steiréitíopaí agus an tacaíocht is gá a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas agus a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

**Tosaíocht straitéiseach 2: Scileanna digiteacha agus oideachas saoránachta a fhorbairt**

I gcomhthéacs domhanda an lae inniu, lena mbaineann géarchéimeanna, an t-athrú aeráide, athrú tapa teicneolaíoch, digitieáil (lena n-áirítear an intleacht shaorga (IS)), polarú méadaitheach, scaipeadh na bréagaisnéise agus dúshláin mhéadaitheacha do noirm agus luachanna daonlathacha, chomh maith le leibhéal íseal rannpháirtíochta daonlathaí, tá géarghá leis an daonlathas agus an athléimneacht a neartú san Aontas Eorpach. Tá ról lárnach ag an oideachas digiteach agus ag an oideachas saoránachta araon ina leith sin.

Tá scileanna digiteacha ríthábhachtach don saol nua-aimseartha agus tá siad ríthábhachtach i mbeagnach gach réimse den tsochaí agus den gheilleagar. Tá siad ríthábhachtach don tsaoránacht ghníomhach, don infhostaitheacht, don chuimsiú sóisialta agus don tsláinte, agus tá ról lárnach acu freisin maidir le hiomaíochas na hEorpa a fheabhsú trí ardscileanna ETIM a fhorbairt. Ba cheart a chumhdach leis an oideachas digiteach litearthacht sna meáin, litearthacht dhigiteach agus litearthacht sonraí, smaointeoireacht chriticiúil, folláine dhigiteach, an mhífhaisnéis agus an bhréagaisnéis a chomhrac, an chibearbhulaíocht, an fhuathchaint agus an chaint dhíobhálach, agus eolas ar IS, úsáid eiticiúil fhreagrach IS, agus teicneolaíochtaí eile atá ag teacht chun cinn.

Tá an t-oideachas saoránachta chomh tábhachtach céanna sa chomhthéacs reatha. Mar gheall ar an staid dhomhanda atá ann faoi láthair, tá gá le saoránaigh eolasacha rannpháirteacha a thuigeann agus a urramaíonn institiúidí daonlathacha, prionsabail dhaonlathacha agus próisis dhaonlathacha ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta. Cuidíonn oideachas saoránachta le gach duine an t-eolas, na scileanna agus na dearcthaí is gá a fháil le haghaidh rannpháirtíocht ghníomhach fhreagrach sa saol daonlathach agus rannpháirtíocht fhóinteach shibhialta.

Is féidir le gné Eorpach den teagasc[12] rannchuidiú le comhluachanna Eorpacha a chur chun cinn[13] chun braistint na féiniúlachta Eorpaí agus na dlúthpháirtíochta Eorpaí a chothú. Ba cheart di urraim don éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn agus cuidiú le foghlaimeoirí dul i ngleic lena bhféiniúlachtaí áitiúla, náisiúnta, Eorpacha agus domhanda. Tá an t-oideachas saoránachta fite fuaite leis an tuiscint atá againn ar dhúshláin an aistrithe dhigitigh agus an aistrithe ghlais.

---

[12] Le cothú i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le luachanna coiteanna, an t-oideachas cuimsitheach agus gné Eorpach an teagaisc a chur chun cinn (IO C 195, 7.6.2018, lch. 1).

[13] Mar a chuirtear in iúl in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Gné lárnach den oideachas saoránachta is ea an teagasc agus an fhoghlaim tríd an daonlathas, faoin daonlathas agus ar son an daonlathais. Ba cheart don oideachas agus don oiliúint, i ngach réimse agus ar gach leibhéal, luachanna daonlathacha a chur chun cinn, idirphlé oscailte agus smaointeoireacht chriticiúil a spreagadh, agus aghaidh a thabhairt ar mhífhaisnéis agus ar bhréagaisnéis araon (lena n-áirítear ar líne). Ba cheart do scoileanna agus do gach institiúid oideachais agus oiliúna eile feidhmiú mar phobail dhaonlathacha ina bhfaigheann foghlaimeoirí taithí ar rannpháirtíocht, idirphlé agus comhchinnteoireacht. Ba cheart do mhúinteoirí, oideoirí, oiliúnóirí agus ceannairí ar gach leibhéal oideachais agus oiliúna a bheith ullamh go maith le ról ríthábhachtach a bheith acu maidir le timpeallachtaí foghlama cuimsitheacha agus rannpháirteacha a chruthú a léiríonn luachanna daonlathacha i gcomhthéacs praiticiúil. Ar an mbonn sin, tá tábhacht ar leith ag baint le hoideachas digiteach agus oideachas saoránachta chun cabhrú le foghlaimeoirí smaoineamh go criticiúil agus gníomhú go sábháilte agus go freagrach ar líne. Is gá cur chuige eiticiúil a mhúnlú maidir le húsáid scáileán chun folláine agus sábháilteacht leanaí a áirithiú.

Ba cheart díriú ar shaoránacht ghníomhach a chur chun cinn, chun na hinniúlachtaí agus an mhuinín a thabhairt do dhaoine páirt chuiditheach a ghlacadh ina bpobail agus sa phróiseas daonlathach ar gach leibhéal.

Tá an fhoghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe[14] agus don oideachas saoránachta fite fuaite go dlúth agus tá siad ábhartha freisin d’iomaíochas na hEorpa. Is gné lárnach den tsaoránacht ghníomhach fhreagrach é foghlaimeoirí a ullmhú ar gach leibhéal agus i ngach cineál oideachais agus oiliúna chun freagairt ar dhúshláin shochaíocha agus chomhshaoil. Áirítear leis sin an t-eolas, na scileanna agus na dearcthaí is gá a thabhairt do dhaoine chun páirt fhóinteach a ghlacadh san aistriú glas agus san aistriú digiteach agus chun rannchuidiú le sochaí chóir atá inbhuanaithe go sóisialta agus ar leibhéal an chomhshaoil.

---

[14] Mar a leagtar amach sa Mholadh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le foghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe, IO C 243, 27.6.2022, lch. 1.

**Tosaíocht straitéiseach 3: Foghlaim ar feadh an tsaoil agus soghluaisteacht a chur i gcrích do chách**

Tá dúshláin shochaíocha, theicneolaíocha, chomhshaoil agus eacnamaíocha ag cur isteach níos mó agus níos mó ar an gcaoi a mairimid agus a n-oibrímid. Go háirithe, éilíonn forbairtí teicneolaíocha go gcaithfidh an daonra dul i mbun uas-sciliú agus athscilú. Tá an fhoghlaim ar feadh an tsaoil ríthábhachtach i gcomhthéacs na géarchéime aeráide chomh maith le hathruithe teicneolaíocha, ós rud é go gcuidíonn sí le daoine athléimneacht a chothú agus a bheith ullamh d'athrú leanúnach comhshaoil agus sochaíoch. Tacaíonn sí le forbairt scileanna glasa agus digiteacha agus cinntíonn sí gur féidir le daoine iad féin a chur in oiriúint d'éilimh nua mhargadh an tsaothair agus d'éilimh atá ag teacht chun cinn ina leith, rud a rannchuidíonn le bealaí maireachtála agus oibre níos inbhuanaithe. Fágann sochaithe atá ag síorathrú go bhfuil an fhoghlaim ar feadh an tsaoil ríthábhachtach don fhorbairt phearsanta, shibhialta agus ghairmiúil. Tá gá fós le tuilleadh dul chun cinn maidir le deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil atá solúbtha agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chách.

Tá meánráta rannpháirtíochta daoine fásta i gcúrsaí foghlama san Aontas íseal i gcónaí. Ba cheart córais oideachais agus oiliúna a bheith níos solúbtha, níos athléimní, níos seasmhaí i bhfad na haimsire agus níos tarraingtí, agus ba cheart do raon níos leithne foghlaimeoirí a bheith rannpháirteach iontu, lena n-áirítear iad siúd ar bheagán scileanna. Ní mór dóibh a áirithiú go n-aithnítear cáilíochtaí agus go ndéantar réamhfhoghlaim a bhailíochtú agus deiseanna oiliúna a chur ar fáil le haghaidh uas-sciliú agus athsciliú, lena n-áirítear ar leibhéil cháilíochta níos airde agus ar feadh shaol oibre an duine, e.g. trí mhicridhintiúir. Ina theannta sin, is féidir le nuálaíochtaí i gconairí foghlama, cineálacha nua cur chuige oideachais agus gairmthreoir ar feadh an tsaoil cabhrú le freastal níos fearr ar riachtanais réimse níos leithne foghlaimeoirí, ós rud é go mbeidh ar líon méadaitheach daoine fásta dul i mbun athsciliú agus uas-sciliú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar thacaíocht a thabhairt d'fhoghlaimeoirí ó chúlraí imeallaithe agus dóibh siúd atá faoi mhíchumas agus a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Ba cheart leanúint den tsoghluaisteacht d'fhoghlaimeoirí, múinteoirí, oideoirí, oiliúnóirí múinteoirí agus baill foirne a leathnú, go háirithe tríd an gclár Erasmus+, mar phríomhghné de chomhar an Aontais agus mar uirlis chun cáilíocht agus cuimsiú san oideachas agus san oiliúint a fheabhsú agus chun ilteangachas, inniúlachtaí idirchultúrtha, féiniúlacht Eorpach agus saoránacht ghníomhach a chur chun cinn san Aontas agus níos faide i gcéin. Dá bhrí sin, ní mór tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun deireadh a chur leis na bacainní atá ann cheana ar shoghluaisteacht foghlama agus teagaisc, lena n-áirítear i réimsí tréimhsí staidéir thar lear, dearbhú cáilíochta agus aitheantas frithpháirteach uathoibríoch cáilíochtaí agus torthaí tréimhsí foghlama thar lear[15]. Tá sé tábhachtach féachaint le soghluaisteacht chothrom a bhaint amach chun cúrsaíocht chothrom agus leithdháileadh cothrom scileanna a áirithiú, agus chun faireachán a dhéanamh ar na próisis sin.

**Tosaíocht straitéiseach 4: Inniúlachtaí, tarraingteacht agus spreagadh i ngairm an oideachais agus na hoiliúna a fheabhsú**

Tá múinteoirí, oideoirí, oiliúnóirí, ceannairí oideachais agus oiliúna agus baill foirne oideachais agus oideolaíocha eile, ar gach leibhéal agus i ngach suíomh, i gcroílár an oideachais agus na hoiliúna.

Tá dúshláin atá ag dul i méid roimh thíortha an Aontais maidir le ganntanas múinteoirí, go háirithe in ábhair agus i limistéir gheografacha áirithe. Tá ról ríthábhachtach ag spreagadh múinteoirí, oideoirí, oiliúnóirí agus ball foirne oideachais agus oideolaíochta eile i gcáilíocht an oideachais agus na hoiliúna. Dá bhrí sin, is gá tarraingteacht agus tuiscint shochaíoch ghairm na múinteoireachta a mhéadú agus straitéisí earcaíochta níos fearr agus níos solúbtha a fhorbairt. Is príomhthosca iad cáilíocht oideachas na múinteoirí, na n-oideoirí agus na n-oiliúnóirí agus a bhforbairt ghairmiúil, a ndeiseanna soghluaisteachta, a ndálaí oibre agus a sláinte chun tarraingteacht na gairme a mhéadú. Chun tacú leis an nuálaíocht, leis an gcuimsiú, leis an gcáilíocht agus leis an ngnóthachtáil san oideachas agus san oiliúint, ní mór d'oideoirí a bheith inniúil agus spreagtha, rud a éilíonn oideachas tosaigh ar ardchaighdeán agus oiliúint ghairmiúil leanúnach. Ba cheart go bhfaighidís aitheantas agus ba cheart deiseanna a bheith acu dul chun cinn e a dhéanamh ina ngairm.

---

15 I gcomhréir le Moladh ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch a chur chun cinn do cháilíochtaí ardoideachais agus meánoideachais shinsearaigh agus do thorthaí tréimhsí foghlama thar lear (IO C 444, 10.12.2018, lch. 1).

**Tosaíocht straitéiseach 5: Gairmoideachas agus gairmoiliúint Eorpach den scoth agus tarraingteach a chothú**

Tá ról ríthábhachtach ag an ngairmoideachas agus an ghairmoiliúint tosaigh agus leanúnach maidir le lucht saothair na hEorpa a ullmhú don todhchaí. Ar fud an Aontais, tá méadú ag teacht ar ghanntanais lucht saothair sna príomhearnálacha. Chun iomaíochas na hEorpa a áirithiú agus an nuálaíocht a spreagadh, tá sé ríthábhachtach tarraingteacht, barr feabhais agus cuimsitheacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a fheabhsú. Is gá freisin aitheantas sochaíoch an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a chur chun cinn agus feasacht a mhúscailt i measc foghlaimeoirí, tuismitheoirí agus fostóirí maidir lena gcáilíocht agus maidir leis na deiseanna gairme a chuireann siad ar fáil. Le Próiseas Chóbanhávan, feabhsaítear iarrachtaí comhchoiteanna Eorpacha chun córais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna ardcháilíochta agus nuálacha a fhorbairt, rud a chuireann le hiomaíochas agus athléimneacht náisiúnta agus le hiomaíochas agus athléimneacht Eorpach.

Éilíonn an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach atá faoi lán seoil, go háirithe a mhéid a bhaineann le teacht chun cinn na hintleachta saorga agus teicneolaíochtaí nuálacha eile, scileanna nua agus inoiriúnaitheacht, agus tá ról tábhachtach ag an ngairmoideachas agus an ghairmoiliúint maidir le freagairtí iomchuí agus éifeachtacha a áirithiú. Tá tacaíocht d'uas-sciliú múinteoirí agus oiliúnóirí gairmoideachais agus gairmoiliúna agus nuachóiriú an bhonneagair gairmoideachais agus gairmoiliúna ríthábhachtach chun scileanna glasa agus digiteacha a chomhtháthú go héifeachtach i gcleachtas teagaisc. Trí oiliúint a ailíniú le héilimh mhargadh an tsaothair, cinntíonn an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint go bhfuil foghlaimeoirí ullamh ní hamháin do phoist reatha ach gur féidir leo iad féin a chur in oiriúint d'athruithe amach anseo freisin. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí ábharthacht mhargadh an tsaothair a áirithiú sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint. Tá sé chomh tábhachtach céanna leibhéal iomchuí scileanna agus inniúlachtaí idirdhisciplíneacha eile a fhorbairt le haghaidh inoiriúnaitheacht ar feadh an tsaoil do riachtanais athraitheacha mhargadh an tsaothair agus don fhorbairt phearsanta, trí shaoránacht, fiontraíocht, oideachas digiteach agus oideachas digiteach don fhorbairt inbhuanaithe.

Tá géarghá le gairmoideachas agus gairmoiliúint a neartú i réimsí ETIM chun nuálaíocht agus dul chun cinn teicneolaíoch a áirithiú san Eoraip. Beidh sé ríthábhachtach daoine óga – go háirithe cailíní agus grúpaí faoi ghannionadaíocht – a spreagadh le tabhairt faoi chláir ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a bhaineann le ETIM chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha agus eacnamaíocha amach anseo. Tá ról tábhachtach ag an ngairmoideachas agus an ghairmoiliúint freisin sa taighde feidhmeach, sa nuálaíocht agus san fhiontraíocht, mar shampla trí na hIonaid Barr Feabhais Gairme.

Is dúshlán tábhachtach i gcónaí é feabhas a chur ar an éagsúlacht i gcláir ghairmoideachais agus ghairmoiliúna. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar thacaíocht a thabhairt d'fhoghlaimeoirí ó chúlraí imeallaithe agus dóibh siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tá sé ríthábhachtach an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint a bheith ina gconair tharraingteach, sholúbtha agus chuimsitheach do gach foghlaimeoir trí threoir ghairme luath, ní hamháin don chomhionannas ach chomh maith leis sin chun aghaidh a thabhairt ar réimse iomlán na nganntanas scileanna ar fud na hEorpa. Ina theannta sin, ba cheart an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint a aithint agus a chur chun cinn mar nithe a chuireann deiseanna ar fáil d'fhorbairt phearsanta, acadúil agus ghairmiúil atá chomh luachmhar céanna leo siúd a chuirtear ar fáil le conairí oideachais ginearálta.

Chun tarraingteacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a fheabhsú a thuilleadh, tá sé tábhachtach borradh a chur faoi dheiseanna soghluaisteachta foghlama. Trí mhalartuithe trasteorann a spreagadh agus aitheantas cáilíochtaí agus tréimhsí oiliúna thar lear a fheabhsú, is féidir an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint a dhéanamh níos dinimiciúla agus níos tarraingtí do gach foghlaimeoir. Cuireann na hiarrachtaí sin iomaíochas, braistint féiniúlachta Eorpaí agus comhoibriú chun cinn freisin.

Tá an fhoghlaim obairbhunaithe fós ina bunchloch de chórais éifeachtacha gairmoideachais agus gairmoiliúna. Trí chomhpháirtíochtaí idir institiúidí oiliúna agus fostóirí a neartú agus trí dheiseanna do phrintíseachtaí agus d'fhoghlaim obairbhunaithe a leathnú, is féidir tarraingteacht agus ábharthacht na gclár gairmoideachais agus gairmoiliúna a mhéadú.

Ba cheart go n-áiritheofaí leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint roghanna le haghaidh tuilleadh foghlama, rud a chuirfeadh ar chumas foghlaimeoirí tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid staidéir tríd an tréscaoilteacht idir an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint agus conairí ginearálta nó conairí ardoideachais agus oiliúna a chur chun cinn. Ba cheart é a bheith indéanta aistriú go héasca ó chonairí gairme go dtí an breisoideachas, lena n-áirítear go dtí an t-ardoideachas, agus ar an tslí sin a áirithiú gur féidir le foghlaimeoirí leanúint dá scileanna a fhorbairt ar feadh an tsaoil agus dul in oiriúint do chonairí gairme atá ag athrú.

**Tosaíocht straitéiseach 6: Ardoideachas Eorpach iomaíoch a chur chun cinn**

Tá ról ríthábhachtach fós ag an ardoideachas, ag an taighde agus ag an nuálaíocht maidir le hiomaíochas, cumas nuálaíochta, tarraingteacht agus athléimneacht shochaíoch an Aontais Eorpaigh amach anseo a áirithiú.

Rinneadh dul chun cinn suntasach cheana féin maidir le comhar i measc na n-institiúidí ardoideachais Eorpacha a neartú[16], go háirithe trí chur chun feidhme phríomhghealltanais Phróiseas Bologna agus tionscnaimh ar nós na gcomhghuaillíochtaí d'Ollscoileanna Eorpacha agus an Rúin ón gComhairle maidir le lipéad céime Eorpaí comhpháirtí agus na chéad chéimeanna eile i dtreo céim Eorpach chomhpháirteach fhéideartha: borradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa agus faoi tharraingteacht an ardoideachais Eorpaigh[17], a formheasadh i mí na Bealtaine 2025. Tá na hiarrachtaí sin tar éis an bealach a réiteach do chomhtháthú agus do shoghluaisteacht níos doimhne, agus leanfar le tuilleadh forbartha sna blianta amach romhainn. Ní hamháin go gcuireann comhar leanúnach thar theorainneacha le cáilíocht an oideachais agus an taighde ach neartaíonn sé freisin an daonlathas agus saothraíonn sé féiniúlacht Eorpach chomhroinnte agus luachanna Eorpacha comhroinnte.

Ba cheart leanúint den obair chun bacainní ar chomhar trasnáisiúnta a bhaint trí chur chun feidhme tionscnamh ar nós na gcomhghuaillíochtaí d'ollscoileanna Eorpacha a chur chun cinn agus leanúint den phróiseas trí chéim a comhaontaíodh i mí na Bealtaine 2025 'd'fhonn lipéad céime Eorpaí comhpháirtí a chur chun feidhme agus an bealach a réiteach do chéim Eorpach comhpháirteach'[18]. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun aitheantas frithpháirteach uathoibríoch cáilíochtaí a fheabhsú chun críche staidéir bhreise[19], rud a chuirfidh le soghluaisteacht fheabhsaithe mac léinn agus foghlaimeoirí freisin.

---

[16] Chun críocha an Rúin seo, is chun tagairt don earnáil iomlán a úsáidtear an téarma 'institiúidí ardoideachais', agus cuimsítear leis réimse iomlán an oideachais threasaigh agus, dá bhrí sin, gach cineál institiúide ardoideachais, lena n-áirítear, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta, ollscoileanna taighde, coláistí ollscoile, ollscoileanna eolaíochtaí feidhmeacha, institiúidí ardoideachais gairmoideachais agus gairmoiliúna, agus institiúidí ardoideachais ealaíon.

[17] IO C, C/2025/2939, 22.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2939/oj

[18] Cé go bhfuil plé fós ar siúl maidir leis an gcéim Eorpach chomhpháirteach, níl cinneadh déanta go fóill ag Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir leis an bhféidearthacht í a thabhairt isteach agus ba cheart aon tagairt do chéim Eorpach chomhpháirteach sa Rún seo ón gComhairle a thuiscint sa chiall sin.

[19] I gcomhréir le Moladh ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch a chur chun cinn do cháilíochtaí ardoideachais agus meánoideachais shinsearaigh agus do thorthaí tréimhsí foghlama thar lear (IO C 444, 10.12.2018, lch. 1).

Tá Próiseas Bologna fós ina bhunchloch thábhachtach de thírdhreach ardoideachais na hEorpa. Tá sé ríthábhachtach sineirge a áirithiú idir an creat straitéiseach agus Próiseas Bologna chun dúbláil agus neamhéifeachtúlachtaí a sheachaint, agus chun tacú le Limistéar Eorpach Oideachais níos comhtháite. Tá sé tábhachtach i gcónaí naisc leis an Limistéar Eorpach Taighde a neartú.

Chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar bhearnaí scileanna atá ag dul i méid agus ar ghanntanais céimithe ardoideachais i margadh an tsaothair, ba cheart inrochtaineacht an ardoideachais a leathnú trí dheiseanna a chruthú d'fhoghlaimeoirí de gach aois agus cúlra agus trí chonairí foghlama solúbtha a dhearadh lena gcuirtear foghlaim ar feadh an tsaoil chun cinn, lena n-aithnítear foghlaim roimhe sin agus lena dtacaítear le folláine mac léinn agus ball foirne. Ní mór rochtain a bheith ag mic léinn ar ardoideachas cuimsitheach ardcháilíochta agus tairbhe a bhaint as treoir agus tacaíocht leordhóthanach chun barr a gcumais a bhaint amach.

Beidh sé chomh tábhachtach céanna luachanna bunúsacha acadúla (lena n-áirítear an tsaoirse acadúil) a chosaint agus aitheantas a thabhairt do ról na n-institiúidí ardoideachais maidir le tacú le sochaithe daonlathacha a fhorbairt amach anseo.

Tá an fhoireann acadúil ríthábhachtach chun go mbeidh institiúidí ardoideachais Eorpacha rathúil agus chun go mbeidh comhar trasnáisiúnta níos doimhne ann. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá rompu, is gá tacú le tionscnaimh lena n-aithnítear luach a ról éagsúil agus an tábhacht a bhaineann le gairmeacha tarraingteacha inbhuanaithe san ardoideachas.

Is cuid lárnach de ról an ardoideachais iad an taighde agus an nuálaíocht chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chasta shochaíocha agus eacnamaíocha. Tá comhar níos láidre idir institiúidí ardoideachais agus earnálacha eacnamaíocha ríthábhachtach chun tairiscintí oideachais a ailíniú le héilimh athraitheacha mhargadh an tsaothair.

Tá an t-ardoideachas in ETIM ríthábhachtach chun freastal ar an éileamh ar ghairmithe oilte i bpríomhearnálacha, lena n-áirítear trí mhicridhintiúir a úsáid. Tá sé ríthábhachtach níos mó cailíní agus ban a mhealladh chuig staidéir ETIM ó aois óg chun an clárú treasach agus líon na ngairmithe ETIM a mhéadú. Thairis sin, tá forbairt scileanna glasa agus digiteacha ríthábhachtach chun tacú leis an dá aistriú agus leis an neamhspleáchas straitéiseach san Eoraip. Tá gá le tuilleadh béime freisin ar fhorbairt an ardoideachais i ndáil leis an intleacht shaorga agus úsáid eiticiúil agus fhreagrach na hintleachta saorga. Beidh tionchar mór ag an intleacht shaorga ar an earnáil, ó theagasc, foghlaim agus measúnú mac léinn go taighde, nuálaíocht agus próisis inmheánacha na n-institiúidí ardoideachais.

LEAGANN SÍ BÉIM AR an méid seo a leanas:

– is féidir rialachas an Limistéir Eorpaigh Oideachais a neartú laistigh de na struchtúir atá ann faoi láthair[20]. Cruthaíodh go bhfuil na prionsabail agus na modhanna oibre ar an leibhéal Eorpach éifeachtúil agus solúbtha;

– tá ról tábhachtach ag an nGrúpa Ardleibhéil um Oideachas agus Oiliúint, le tacaíocht óna Bhord Comhordúcháin, maidir le saincheisteanna straitéiseacha agus idirdhisciplíneacha a shainaithint, a phlé agus a stiúradh le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint ar bhealach réamhbhreathnaitheach, lena n-áirítear príomhábhair straitéiseacha a bhaineann leis an oideachas digiteach agus leis an oiliúint dhigiteach agus le scileanna agus inniúlachtaí digiteacha[21]. Tá sé ríthábhachtach torthaí a bhaint amach go héifeachtúil sa ról sin;

– tá sainphribhléidí na Comhairle agus na hUachtaránachta rothlaí lárnach i gcónaí chun rialachas a stiúradh, lena n-áirítear cruinnithe den ghrúpa ardleibhéil agus cruinnithe na nArd-Stiúrthóirí a eagrú;

– tá meithleacha an chreata straitéisigh, a oibríonn ar bhonn an mhodha oscailte comhordúcháin, bunriachtanach chun beartas an Aontais a ullmhú agus chun saineolaithe a nascadh ar fud na mBallstát. Ba cheart go léireodh a sainorduithe na tosaíochtaí straitéiseacha nuashonraithe mar a shainaithnítear sa Rún reatha iad. D'fhéadfaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chruinnithe a tharlaíonn i ndiaidh a chéile idir na meithleacha chun cur chuige trasearnála a neartú agus chun comhar níos comhleanúnaí a áirithiú;

---

20 Mar a leagtar amach sa Rún ón gComhairle maidir le struchtúr rialachais an chreata straitéisigh le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021–2030) (IO C 497, 10.12.2021, lch. 1).

21 Mar a léirítear sa Mholadh ón gComhairle an 23 Samhain 2023 maidir le feabhas a chur ar sholáthar scileanna agus inniúlachtaí digiteacha san oideachas agus san oiliúint (IO C, C/2024/1030, 23.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1030/oj) agus sa Rún ón gComhairle an 23 Samhain 2023 maidir leis na príomhthosca cumasúcháin le haghaidh oideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach rathúil (IO C, C/2024/1030, 24.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1115/oj).

– tá sé tábhachtach úsáid gníomhaíochtaí piarfhoghlama a threisiú, lena n-áirítear piarchomhairleoireacht;

– tá an gá le faisnéis agus torthaí a scaipeadh ríthábhachtach i gcónaí ar gach leibhéal (an Grúpa Ardleibhéil, cruinnithe na nArd-Stiúrthóirí agus meithleacha an chreata straitéisigh); ba cheart iarrachtaí chun na críche sin a threisiú.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

1. Oibriú le chéile, le tacaíocht ón gCoimisiún agus úsáid á baint as an modh oscailte comhordúcháin, chun feabhas a chur ar an gcomhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint sa tréimhse suas go dtí 2030 ar bhonn na dtosaíochtaí straitéiseacha athbhreithnithe, na bprionsabal agus na modhanna oibre, agus na saincheisteanna agus na ngníomhaíochtaí nithiúla a comhaontaíodh do gach ceann de na tosaíochtaí straitéiseacha i dtimthriall 2026-2030 (mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III).

2. Breithniú a dhéanamh, ar bhonn tosaíochtaí náisiúnta agus urraim chuí á tabhairt don inniúlacht náisiúnta i réimse an oideachais agus na hoiliúna, ar bhearta ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach arb é is aidhm dóibh dul chun cinn a dhéanamh laistigh de na tosaíochtaí straitéiseacha a leagtar amach sa chreat straitéiseach agus rannchuidiú go comhpháirteach le baint amach iomlán an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus leis na spriocanna ar leibhéal an Aontais a shainaithnítear in Iarscríbhinn II.

3. Tacú leis an struchtúr rialachais agus leis na modhanna oibre a roghnaíodh, agus úinéireacht á glacadh ar an bpróiseas.

4. Úsáid éifeachtach a bhaint as beartais agus ionstraimí cistiúcháin an Aontais chun tacú le cur chun feidhme beart agus gníomhaíochtaí náisiúnta agus réigiúnacha chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na tosaíochtaí straitéiseacha agus i dtreo spriocanna gaolmhara ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN an méid seo a leanas a dhéanamh, AGUS LÁN-URRAIM Á TABHAIRT DON CHOIMHDEACHT:

1. Tacú leis na Ballstáit agus oibriú leo i gcomhar faoin gcreat sin ar bhealach comhchruthaitheach, ar bhonn na dtuarascálacha straitéiseacha, na bprionsabal agus na modhanna oibre a thuairiscítear thuas, na spriocanna ar leibhéal an Aontais agus an táscaire a leagtar amach in Iarscríbhinn II, agus na saincheisteanna agus na gníomhaíochtaí nithiúla a comhaontaíodh le haghaidh gach ceann de na tosaíochtaí straitéiseacha i dtimthriall 2026-2030 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

2. Oibriú leis na Ballstáit agus tacaíocht shonrach a chur ar fáil chun foghlaim fhrithpháirteach, anailís, piarchomhairleoireacht agus comhroinnt dea-chleachtais maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige, scoileanna, gairmoideachas agus gairmoiliúint, ardoideachas, foghlaim aosach agus saincheisteanna trasnaí a éascú. Chun a áirithiú go gcumhdófar gach earnáil den oideachas agus den oiliúint, ba cheart féachaint go gníomhach ar dheiseanna le haghaidh cruinnithe i ndiaidh a chéile agus cruinnithe comhpháirteacha mheithleacha an chreata straitéisigh.

3. Anailís a dhéanamh, go háirithe trí thuairisciú ar dhul chun cinn bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar ag na Ballstáit, ar a mhéid a tugadh aghaidh ar thosaíochtaí straitéiseacha an chreata a mhéid a bhaineann leis an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach, agus i réimse an chomhair Eorpaigh san oideachas agus san oiliúint ar an leibhéal náisiúnta tríd an Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint. Tá sé ríthábhachtach do na Ballstáit tuairisciú a chaomhnú laistigh de na struchtúir atá ann cheana, agus aird chuí á tabhairt ar ualaí riaracháin.

4. Comhoibriú leis na Ballstáit tríd an mBuanghrúpa maidir le Táscairí agus Tagarmharcanna chun feabhas a chur ar anailís agus bailiú sonraí, agus tuairisc a thabhairt don Chomhairle ar an obair sin ar bhonn rialta.

5. Leanúint den obair ar mhodheolaíocht ar bhonn an táscaire i réimse an eolais shibhialta, chun go bhféadfar sprioc a bhaineann le saoránacht a fhorbairt a thuilleadh.

6. Tuarascáil chríochnaitheach a fhoilsiú maidir leis an gcreat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030) in 2030 agus togra a dhéanamh le haghaidh creat comhair do na 10 mbliana ina dhiaidh sin.

## CÚLRA POLAITIÚIL

### Comhairle an Aontais Eorpaigh

1. Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030), IO C 66, 26.2.2021, lch. 1.

2. Conclúidí ón gComhairle maidir le cothromas agus cuimsiú san oideachas agus san oiliúint chun rath san oideachas a chur chun cinn do chách (IO C 221, 10.6.2021, lch. 3).

3. Conclúidí ón gComhairle maidir le tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha – An t-ardoideachas, an taighde, an nuálaíocht agus an tsochaí a nascadh: an bealach a réiteach do ghné nua san ardoideachas Eorpach, IO C 221, 10.6.2021, lch. 14.

4. Rún ón gComhairle maidir le struchtúr rialachais an chreata straitéisigh le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021–2030), IO C 497, 10.12.2021, lch. 1.

5. Rún ón gComhairle maidir le clár oibre Eorpach nua don fhoghlaim aosach 2021-2030, IO C 504, 14.12.2021, lch. 9.

6. Moladh ón gComhairle an 29 Samhain 2021 maidir le cuir chuige foghlama cumaisc le haghaidh bunoideachas agus meánoideachas cuimsitheach agus ardcháilíochta, IO C 504, 14.12.2021, lch. 21.

7. Moladh ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 maidir le naisc a chothú le haghaidh comhar éifeachtach Eorpach san ardoideachas, IO C 160, 13.4.2022, lch. 1.

8. Conclúidí ón gComhairle maidir le soghluaisteacht múinteoirí agus oiliúnóirí a fheabhsú, go háirithe soghluaisteacht Eorpach, le linn a n-oideachais agus a n-oiliúna tosaigh agus inseirbhíse, IO C 167, 21.4.2022, lch. 2.

9. Conclúidí ón gComhairle maidir le straitéis Eorpach lena gcumhachtaítear institiúidí ardoideachais ar mhaithe le todhchaí na hEorpa, IO C 167, 21.4.2022, lch. 9.

10. Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le foghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe, IO C 243, 27.6.2022, lch. 1.

11. Moladh ón gComhairle an 28 Samhain 2022 maidir le Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile agus lena n- ionadaítear an Moladh ón gComhairle an 28 Meitheamh 2011 maidir le beartais chun luathfhágáil na scoile a laghdú, IO C 469, 9.12.2022, lch. 1.

12. Conclúidí ón gComhairle maidir le tacú leis an dea-bhail san oideachas digiteach, IO C 469, 9.12.2022, lch. 19.

13. Rún ón gComhairle maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais: Ag féachaint ar 2025 agus níos faide anonn, IO C 185, 26.5.2023, lch. 35.

14. Conclúidí ón gComhairle maidir le céimeanna breise chun aitheantas frithpháirteach uathoibríoch san oideachas agus san oiliúint a bhaint amach, IO C 185, 26.5.2023, lch. 44.

15. Conclúidí ón gComhairle maidir leis an méid a chuireann an t-oideachas agus an oiliúint le comhluachanna Eorpacha agus leis an tsaoránacht dhaonlathach a neartú, IO C, C/2023/1419, 1.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/1419/oj.

16. Moladh ón gComhairle an 23 Samhain 2023 maidir le feabhas a chur ar sholáthar scileanna agus inniúlachtaí digiteacha san oideachas agus san oiliúint, IO C, C/2024/1030, 23.1.2024. ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1030/oj.

17. Moladh ón gComhairle an 23 Samhain 2023 maidir leis na príomhthosca cumasúcháin le haghaidh oideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach rathúil, IO C, C/2024/1115, 24.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1115/oj.

18. Moladh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2024 'An Eoraip ag Bogadh' – deiseanna soghluaisteachta foghlama do chách, IO C, C/2024/3364, 14.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3364/oj.

19. Conclúidí ón gComhairle maidir le beartas agus cleachtas fianaise-shaibhrithe san oideachas agus san oiliúint a chur chun cinn chun Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach, IO C, C/2024/3642, 14.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3642/oj.

20. Moladh ón gComhairle an 25 Samhain 2024 maidir le gairmeacha tarraingteacha inbhuanaithe san ardoideachas, IO C, C/2024/7282, 5.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/7282/oj.

21. Conclúidí ón gComhairle maidir le comhpháirtíochtaí straitéiseacha san oideachas agus san oiliúint, IO C, C/2024/7400, 9.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/7400/oj.

22. Conclúidí ón gComhairle maidir le cleachtais chuimsitheacha fhoghlaimeoir-lárnacha in oideachas agus i gcúram na luath-óige agus san oideachas scoile, IO C, C/2025/2796, 21.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2796/oj.

23. Rún ón gComhairle maidir le lipéad céime Eorpaí comhpháirtí agus na chéad chéimeanna eile i dtreo céim Eorpach chomhpháirteach fhéideartha: borradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa agus faoi tharraingteacht an ardoideachais Eorpaigh, IO C, C/2025/2939, 22.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2939/oj.

24. Moladh ón gComhairle an 12 Bealtaine 2025 maidir le Córas Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta agus um Aitheantas san Ardoideachas, IO C, C/2025/3006, 28.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3006/oj.

**An Coimisiún Eorpach**

1. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le straitéis Eorpach d'ollscoileanna, COM(2022) 16 final.

2. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an dul chun cinn i dtreo Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach, COM(2022) 700 final.

3. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le treoirphlean le haghaidh céim Eorpach, COM(2024) 144.

4. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an bPlean Gníomhaíochta um Bunscileanna, COM(2025) 88 final.

5. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Plean Straitéiseach um Oideachas ETIM: scileanna don iomaíochas agus don nuálaíocht, COM(2025) 89 final.

6. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le hAontas na Scileanna, COM(2025) 90 final.

7. Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an meastóireacht eatramhach ar chreat straitéiseach an Limistéir Eorpaigh Oideachais 2021-2030, COM(2025) 340 final.

**Doiciméid eile**

1. Communiqué Tiorána (Comhdháil Aireachta Limistéar Eorpach an Ardoideachais i dTiorána, an 29 go dtí an 30 Bealtaine 2024).

2. Dearbhú Herning maidir le Gairmoideachas agus Gairmoiliúint atá tarraingteach agus cuimsitheach a chur chun feidhme le haghaidh iomaíochas méadaithe agus poist ardcháilíochta 2026-2030 (an 12 Meán Fómhair 2025).

## SPRIOCANNA AR LEIBHÉAL AN AONTAIS – Leibhéil tagartha na meánfheidhmíochta Eorpaí san oideachas agus san oiliúint

Mar bhealach chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun dúshláin a shainaithint, chomh maith le rannchuidiú le ceapadh beartas atá fianaisebhunaithe trí shonraí atá inchomparáide go hidirnáisiúnta a bhailiú agus a anailísiú go córasach, le sraith leibhéal tagartha de mheánfheidhmíocht Eorpach san oideachas agus san oiliúint ('spriocanna ar leibhéal an Aontais') ba cheart tacú leis na tosaíochtaí straitéiseacha a leagtar amach sa Rún don tréimhse 2026-2030. Ba cheart do na tosaíochtaí sin a bheith bunaithe ar shonraí inchomparáide iontaofa amháin agus ba cheart sainiúlachtaí na gcóras oideachais agus oiliúna agus cásanna éagsúla i mBallstáit aonair a chur san áireamh leo. Ba cheart do na Ballstáit iad a bhaint amach i dteannta a chéile agus níor cheart a mheas gur spriocanna nithiúla iad atá le baint amach ag tíortha aonair faoi 2030. Iarrtar ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar spriocanna náisiúnta ábhartha a bhunú.

Ar an mbonn sin, aontaíonn na Ballstáit leis na spriocanna seo a leanas ar leibhéal an Aontais atá le baint amach faoi 2030 sna naoi spriocréimse seo a leanas:

1. **Daoine 15 bliana d'aois agus a gcumas sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht**

(a) Ba cheart gur lú ná 15 %[22] sciar na ndaoine 15 bliana d'aois nach bhfuil cumas acu sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht.

(b) Ba cheart sciar na hardfheidhmíochta sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht a bheith 12 % ar a laghad[23].

(c) Ba cheart sciar na bhfoghlaimeoirí ó chúlraí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste a bhfuil gnóthachtáil mhaith acu i réimse amháin ar a laghad (léitheoireacht, matamaitic nó eolaíocht) a bheith 25 % ar a laghad[24].

2. **Daltaí i ngrád a hocht nach bhfuil cumas acu i scileanna digiteacha**

Ba cheart sciar na ndaltaí i ngrád a hocht nach bhfuil cumas acu sa litearthacht ríomhaireachta agus faisnéise a bheith níos lú ná 15 %[25].

---

[22] Is é an Clár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (PISA) an fhoinse sonraí, de réir mar a bhailíonn agus a riarann ECFE é. Leis an sprioc tomhaistear sciar na ndaoine 15 bliana d'aois (atá ag freastal ar institiúidí oideachais i ngrád 7 nó níos airde den oideachas éigeantach) nach sroicheann leibhéal 2 (ar scála 1-6) ar an scála inniúlachta sa réimse faoi seach (léitheoireacht, matamaitic nó eolaíocht).

[23] Is é PISA an fhoinse sonraí. Leis an sprioc tomhaistear sciar na ndaoine 15 bliana d'aois (atá ag freastal ar institiúidí oideachais i ngrád 7 nó níos airde den oideachas éigeantach) a shroicheann leibhéal 5 (ar scála 1-6) nó níos airde ar an scála inniúlachta sa réimse faoi seach (léitheoireacht, matamaitic nó eolaíocht).

[24] Is é PISA an fhoinse sonraí. Leis an sprioc tomhaistear sciar na ndaoine 15 bliana d'aois (atá ag freastal ar institiúidí oideachais i ngrád 7 nó níos airde den oideachas éigeantach) sa cheathrú is ísle d'innéacs an stádais eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha (ESCS) a shroicheann leibhéal 4 nó níos airde ar an scála inniúlachta (1-6) i réimse amháin ar a laghad (léitheoireacht, matamaitic nó eolaíocht).

[25] Tá an sprioc bunaithe ar an suirbhé ar Litearthacht Ríomhaireachta agus Faisnéise ón Staidéar Idirnáisiúnta ar Litearthacht Ríomhaireachta agus Faisnéise (ICILS) a rinne an Comhlachas Idirnáisiúnta um Meastóireacht ar Ghnóthachtáil san Oideachas (IEA). Tomhaistear leis an sprioc sciar na ndaltaí ina n-ochtú bliain ar scoil (13-14 bliana d'aois) a fheidhmíonn faoi bhun thairseach leibhéal 2 ar an scála inniúlachta maidir le litearthachta ríomhaireachta agus faisnéise.

3. **Rannpháirtíocht in oideachas agus i gcúram na luath-óige**

Ba cheart 96 % ar a laghad de leanaí idir 3 bliana d'aois agus an aois tosaigh le haghaidh bunoideachas éigeantach a bheith rannpháirteach in oideachas agus cúram na luath-óige[26].

4. **Luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint**

Ba cheart sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint a bheith níos lú ná 8 %[27].

5. **Gnóthachtáil san oideachas treasach**

Ba cheart sciar na ndaoine idir 25 agus 34 bliana d'aois a bhfuil oideachas treasach gnóthaithe acu a bheith ag 47 % ar laghad[28].

6. **Rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim**

Ba cheart páirt a bheith glactha san fhoghlaim ag 60 % ar a laghad de dhaoine fásta idir 25 agus 64 bliain d'aois le 12 mhí anuas[29].

---

[26] Is é Eurostat an fhoinse sonraí (comhbhailiú sonraí UNESCO-ECFE-Eurostat). Leis an sprioc tomhaistear sciar na leanaí idir 3 bliana d'aois agus aois tosaigh le haghaidh bunoideachas éigeantach i ngach tír a ghlacann páirt in oideachas agus i gcúram na luath-óige.

[27] Is é Eurostat (Suirbhé an Aontais ar an bhFórsa Saothair) an fhoinse sonraí. Tomhaistear leis an sprioc sciar an daonra idir 18 agus 24 bliana d'aois ag a bhfuil gnóthachtáil oideachais meánscoile sóisearaí ar a mhéad agus nach bhfuil in oideachas ná oiliúint fhoirmiúil ná sheachfhoirmiúil a thuilleadh.

[28] Is é Eurostat (Suirbhé an Aontais ar an bhFórsa Saothair) an fhoinse sonraí. Tomhaistear leis an sprioc an sciar den daonra idir 25 agus 34 bliana d'aois a bhfuil leibhéal oideachais treasach, baitsiléara, máistreachta, dochtúireachta nó leibhéal oideachais coibhéiseach acu.

[29] Chuir Cinn Stáit nó Rialtais an Aontais fáilte roimh an sprioc sin i nDearbhú Porto agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach í sna conclúidí uaithi an 24 agus an 25 Meitheamh 2021. Is é Eurostat an fhoinse sonraí, agus tá measúnú á dhéanamh faoi láthair ar í a aistriú ón Suirbhé ar an Oideachas Aosach chuig Suirbhé an Aontais ar an bhFórsa Saothair. Cuireadh tús leis an mbailiú sonraí leanúnach i Suirbhé an Aontais ar an bhFórsa Saothair in 2022. Leis an sprioc tomhaistear sciar na ndaoine idir 25 agus 64 bliana d'aois a ghlac páirt in oideachas nó oiliúint fhoirmiúil nó sheachfhoirmiúil le 12 mhí anuas (gan oiliúint threoraithe le linn na hoibre a áireamh). A luaithe a dhearbhófar an fhoinse ar deireadh, féadfaidh an Chomhairle cinneadh a dhéanamh, más ábhartha, maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an sprioc.

7. **Clárú in ETIM**

(a) Ba cheart an sciar de mhic léinn atá cláraithe i réimsí ETIM sa ghairmoideachas agus gairmoiliúint meánleibhéil tosaigh a bheith cothrom le 45 % ar a laghad, agus ba cheart duine as gach cúigear mac léinn a bheith ina bean[30].

(b) Ba cheart sciar na mac léinn atá cláraithe i réimsí ETIM san oideachas treasach a bheith cothrom le 32 % ar a laghad, agus ba cheart beirt as gach cúigear mac léinn a bheith ina mná[31].

(c) Ba cheart an sciar de mhic léinn atá cláraithe i gcláir PhD TFC a bheith 5 % ar a laghad, agus ba cheart duine as gach triúr mac léinn a bheith ina mná[32].

---

30 Is é Eurostat an fhoinse sonraí (comhbhailiú sonraí UNESCO-ECFE-Eurostat). Leis an sprioc tomhaistear sciar na mac léinn atá cláraithe sna heolaíochtaí nádúrtha, sa mhatamaitic, sa staidreamh, i dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, san innealtóireacht, sa mhonaraíocht agus sa tógáil as líon iomlán na mac léinn atá cláraithe sa ghairmoideachas meánscoile uachtaraí agus iar-mheánscoile neamhthreasaí. Maidir le clárú iníonacha léinn, tomhaiseann an sprioc sciar na mban atá cláraithe in ETIM as líon iomlán na mac léinn atá cláraithe in ETIM.

31 Is é Eurostat an fhoinse sonraí (comhbhailiú sonraí UNESCO-ECFE-Eurostat). Leis an sprioc tomhaistear sciar na mac léinn atá cláraithe sna heolaíochtaí nádúrtha, sa mhatamaitic, sa staidreamh, i dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, san innealtóireacht, sa mhonaraíocht agus sa tógáil as líon iomlán na mac léinn atá cláraithe san oideachas treasach. Maidir le clárú iníonacha léinn, tomhaiseann an sprioc sciar na mban atá cláraithe in ETIM as líon iomlán na mac léinn atá cláraithe in ETIM.

32 Is é Eurostat an fhoinse sonraí (comhbhailiú sonraí UNESCO-ECFE-Eurostat). Leis an sprioc tomhaistear sciar na mac léinn atá cláraithe i gcláir na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide as líon iomlán na mac léinn atá cláraithe ar leibhéal na dochtúireachta. Maidir le clárú iníonacha léinn, tomhaiseann an sprioc sciar na mban atá cláraithe i dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide as líon iomlán na mac léinn atá cláraithe i dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide.

8. **Soghluaisteacht foghlama**

(a) San ardoideachas, ba cheart sciar na gcéimithe a mbeidh eispéireas soghluaisteachta foghlama thar lear acu a bheith 23 % ar a laghad[33].

(b) Sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, ba cheart sciar na bhfoghlaimeoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna a mbeidh tairbhe bainte acu as eispéireas soghluaisteacht foghlama thar lear a bheith 12 % ar a laghad[34].

---

33 Is é Eurostat an fhoinse sonraí (comhbhailiú sonraí UNESCO-ECFE-Eurostat). Tomhaistear leis an sprioc sciar na gcéimithe amach agus na gcéimithe soghluaiste creidmheasa (soghluaisteacht chreidmheasa a mhaireann 3 mhí ar a laghad nó a léiríonn ar a laghad 15 chreidiúint ón gCóras Eorpach Aistrithe Creidiúna (lena n-áirítear tréimhsí oiliúna agus soghluaisteacht staidéir araon) nó soghluaisteacht creidmheasa ina bhfuil níos lú ná 3 mhí agus ar a laghad 3 chreidiúint ón gCóras Eorpach Aistrithe Creidiúna le linn thimthriall an staidéir). Is féidir iad leis na gníomhaíochtaí soghluaisteachta creidiúna sin a bheith go hiomlán fisiceach nó cumaiscthe, is é sin comhdhéanta de chomhpháirt fhíorúil agus de chomhpháirt fhisiceach araon. Sa Mholadh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2024 'An Eoraip ag Bogadh' – deiseanna soghluaisteachta foghlama do chách (IO C, C/2024/3364, 14.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3364/oj), d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún togra a chur ar aghaidh in 2026 le haghaidh modheolaíocht bailithe sonraí nuashonraithe. Tá obair fós ar siúl ar an modheolaíocht a bheidh ann amach anseo, faoi stiúir Eurostat.

34 Leis an sprioc cuirtear leis an táscaire a shainmhínítear sa Mholadh ón gComhairle an 24 Samhain 2020 maidir leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht (IO C 417, 2.12.2020, lch. 1). Tomhaistear leis sciar na bhfoghlaimeoirí soghluaiste i mbliain féilire, mar chion de chohórt céimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna sa bhliain chéanna. Áirítear léi rannpháirtithe deiseanna soghluaisteachta solúbtha ar nós Erasmus+ (mar shampla soghluaisteacht ghearrthéarmach, soghluaisteacht ghrúpa, soghluaisteacht chumaisc, soghluaisteacht atá nasctha le rannpháirtíocht i gcomórtais scileanna) nó cláir shoghluaisteachta eile. Beidh an táscaire bunaithe ar shonraí a fhaightear ó Eurostat (comhbhailiú sonraí UNESCO-ECFE-Eurostat) le haghaidh céimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna agus Erasmus+ le haghaidh soghluaisteachta. I gcás ina bhfuil siad ar fáil agus san aon chás amháin go bhfuil na sonraí a sholáthraítear inchomparáide le sonraí Erasmus+, d'fhéadfaí sonraí ó chláir shoghluaisteachta na n-údarás náisiúnta, lena n-áirítear sonraí maidir le fad na soghluaisteachta, a úsáid freisin chun na sonraí ó Erasmus+ a chomhlánú. I gcás ina n-áirítear sonraí ó na húdaráis náisiúnta, ba cheart é sin a léiriú ar bhealach trédhearcach.

9. **Tarraingteacht idirnáisiúnta**

Ba cheart go mbeadh 350 000 foghlaimeoir ar a laghad ann ó lasmuigh den Aontas a thagann chun staidéar a dhéanamh agus céim a bhaint amach san Aontas[35].

Chomh maith leis na spriocanna thuasluaite ar leibhéal an Aontais, déanann an Chomhairle an méid seo a leanas:

– aithníonn sí obair an Choimisiúin maidir le táscaire i réimse an eolais shibhialta. Ar bhonn togra a bheidh ann amach anseo maidir le sprioc, féadfaidh an Chomhairle teacht ar chomhaontú maidir le sprioc ar leibhéal an Aontais i ndáil leis an bpríomhghné sin a bhaineann le tosaíocht straitéiseach 2;

– tugann sí dá haire go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún Straitéis Eorpach don Ghairmoideachas agus don Ghairmoiliúint a fhoilsiú in 2026 agus tograí nua a chur ar aghaidh le haghaidh spriocanna ar leibhéal an Aontais don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint. Scrúdóidh an Chomhairle na tograí a bheidh ann amach anseo de réir mar is iomchuí agus déanfaidh sí cinneadh maidir leis na spriocanna nua ar leibhéal an Aontais.

---

35 Is é Eurostat an fhoinse sonraí (comhbhailiú sonraí UNESCO-ECFE-Eurostat). Tomhaistear leis an sprioc líon na gcéimithe soghluaiste ó thaobh céime de san oideachas treasach (leibhéal treasach gearr-thimthriallach, leibhéal baitsiléara, leibhéal máistreachta, leibhéal dochtúireachta nó leibhéal coibhéiseach) arb as tír nach Ballstát den Aontas í.

## SAINCHEISTEANNA AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ NITHIÚLA LE hAGHAIDH THOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA AN CHOMHAIR EORPAIGH SAN OIDEACHAS AGUS SAN OILIÚINT LE LINN AN DARA TIMTHRIALL: 2026-2030

### Tosaíocht straitéiseach 1 - Litearthacht, matamaitic agus eolaíocht do chách

(i) Forbairt na litearthachta, na matamaitice agus na heolaíochta a chur chun cinn, agus béim á leagan ar thacaíocht a thabhairt do thearcghnóthachtálaithe agus d’ardghnóthachtálaithe araon.

(ii) Breithniú a dhéanamh ar thionscnaimh a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta an Choimisiúin um Bunscileanna agus i bPlean Straitéiseach an Choimisiúin um hOideachas ETIM.

(iii) Teagasc agus foghlaim teangacha agus ilteangachas do chách a chur chun cinn a thuilleadh agus tacú leo.

(iv) Leanúint d’iarrachtaí chun luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna agus tearcghnóthachtáil a laghdú trí thacú le cur chuige uile-scoile le fís atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir le haghaidh oideachais atá ailínithe le prionsabail an Choinbhinsiúin um Chearta an Linbh.

(v) Feabhas a chur ar an obair chun aghaidh a thabhairt ar éagsúlacht mhéadaithe riachtanais na bhfoghlaimeoirí agus feabhas a chur ar an rochtain ar oideachas agus oiliúint chuimsitheach ardcháilíochta do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus foghlaimeoirí ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste nó ó ghrúpaí leochaileacha.

(vi) Leanúint de chreat cáilíochta an Aontais maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige a chur chun feidhme.

(vii) Leanúint de dhíriú ar bhearnaí inscne san oideachas agus san oiliúint agus ar dheiseanna éagothroma do chailíní agus do bhuachaillí, do mhná agus d'fhir, trí roghanna oideachais a chur chun cinn atá níos cothroime ó thaobh inscne de agus trí steiréitíopaí díobhálacha inscne san oideachas agus i ngairmeacha oideachais a cheistiú, go háirithe i réimsí staidéir ETIM.

(viii) Leanúint d'infheistíocht inbhuanaithe a chothú in oideachas agus in oiliúint chuimsitheach ardcháilíochta.

**Tosaíocht straitéiseach 2 – Scileanna digiteacha agus oideachas saoránachta a fhorbairt**

(i) Cosaint agus cur chun cinn luachanna Eorpacha sa bheartas oideachais agus oiliúna a shaothrú i ngach réimse trí inniúlachtaí sibhialta, idirchultúrtha, ilteangacha agus sóisialta, éagsúlacht, comhthuiscint agus meas, agus úinéireacht ar luachanna daonlathacha agus ar chearta bunúsacha a chur chun cinn ar gach leibhéal agus i ngach cineál oideachais agus oiliúna.

(ii) Cur chun cinn na smaointeoireachta criticiúla agus na saoránachta digití a neartú, le tacaíocht ó litearthacht dhigiteach agus litearthacht sna meáin, lena n-áirítear tuiscint ar an intleacht shaorga (IS), mar fhreagairt ar dhúshlán méadaitheach na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise.

(iii) Breathnú ar thionchar na hintleachta saorga agus dul chun cinn teicneolaíoch eile ar an oideachas agus ar an oiliúint ar fud na n-earnálacha uile agus úsáid eiticiúil agus fhreagrach na nithe sin a chothú.

(iv) Folláine, lena n-áirítear folláine dhigiteach, agus an mheabhairshláinte ar scoil, agus timpeallachtaí scoile tacúla agus sábháilte a chur chun cinn chun aon chineál foréigin, bulaíochta, fuathchainte, mífhaisnéise agus bréagaisnéise agus gach cineál idirdhealaithe a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu.

(v) Leanúint d'iarrachtaí chun an fhoghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn trí leanúint de na hábhair sin a neadú ar gach leibhéal de chórais oideachais agus oiliúna, laistigh de chur chuige idirdhisciplíneach; i gcás inarb ábhartha, d'fhéadfadh na hiarrachtaí sin saineolas agus acmhainní a shlógadh le haghaidh líonrú, agus chun tacú le cuir chuige chruthaitheacha, mar shampla tríd an gComhghuaillíocht 'Oideachas ar mhaithe leis an Aeráid' agus trí GreenComp a úsáid: An creat Eorpach um inniúlacht inbhuanaitheachta.

(vi) Leanúint de dhea-chleachtais a mhalartú agus gníomhaíochtaí a áirítear sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027 agus i Moltaí 2023 ón gComhairle a chur chun feidhme maidir leis na príomhthosca cumasúcháin le haghaidh oideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach rathúil agus maidir le feabhas a chur ar sholáthar scileanna agus inniúlachtaí digiteacha san oideachas agus san oiliúint, agus tionscnaimh i dtreochlár 2030 atá le teacht maidir le todhchaí an oideachais dhigitigh agus na scileanna digiteacha á gcur san áireamh ag an am céanna.

(vii) Leanúint den obair ar ghné Eorpach an teagaisc.

(viii) Coincheap an oideachais saoránachta a fhorbairt agus a fhiosrú ar an leibhéal Eorpach. Is féidir uirlisí a d'fhéadfadh a bheith ann ar nós creat agus treoirlínte inniúlachta a mheas, agus an obair atá déanta ag Comhairle na hEorpa á cur san áireamh.

(ix) Leanúint d'fhorbairt agus de chur chun cinn Ghníomhaíochtaí Jean Monnet, ar cuid den chlár Erasmus+ iad.

**Tosaíocht straitéiseach 3 – Foghlaim ar feadh an tsaoil agus soghluaisteacht a chur i gcrích do chách**

(i) Córais sholúbtha oideachais agus oiliúna a chothú lena dtugtar aghaidh ar na céimeanna aistrithe idir an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint, an t-ardoideachas agus an fhoghlaim aosach, lena n-áirítear foghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, agus ón oideachas agus oiliúint go dtí an obair.

(ii) Cruthú meoin foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn mar chur chuige príomha i leith an oideachais agus na hoiliúna.

(iii) A áirithiú go dtacóidh córais oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear córais foghlama aosach, le gach foghlaimeoir chun rochtain a fháil ar mhargadh saothair atá ag athrú agus ina bhforbairt phearsanta agus leanúint d'fheabhas a chur ar dheiseanna uas-scilithe agus athscilithe do dhaoine fásta uile, go háirithe do dhaoine ar bheagán oiliúna.

(iv) Leanúint den chlár oibre Eorpach nua don fhoghlaim aosach 2021-2030 a shaothrú.

(v) An tsaoirse a chur chun cinn d'fhoghlaimeoirí agus do mhúinteoirí, d'oideoirí, d'oiliúnóirí agus do bhaill foirne oideachais agus oiliúna eile a bheith soghluaiste, agus chun go n-oibreoidh institiúidí i gcomhar le chéile san Eoraip agus níos faide i gcéin, trí shoghluaisteacht foghlama agus trí chomhar thar theorainneacha.

(vi) Leanúint d’iarrachtaí chun deireadh a chur leis na bacainní atá ann cheana maidir le gach cineál soghluaisteachta foghlama agus teagaisc, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le rochtain, treoir, seirbhísí mac léinn agus aitheantas.

(vii) Féachaint an bhféadfaí comhghuaillíochtaí scoile Eorpacha a fhorbairt.

(viii) Obair leantach a dhéanamh ar thionscnaimh a leagtar amach sa Mholadh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2024 ‘An Eoraip ag Gluaiseacht’ – deiseanna soghluaisteachta foghlama do chách.

(ix) Cur leis na hiarrachtaí líon níos mó mac léinn ó lasmuigh den Aontas a mhealladh chun staidéar a dhéanamh agus céim a bhaint amach san Aontas agus daoine tréitheacha a choinneáil i gcomhréir le beartas imirce an Aontais.

(x) Breathnú ar obair maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do cháilíochtaí oideachais agus oiliúna agus do thorthaí tréimhsí foghlama thar lear ar leibhéal na scoile agus ar leibhéal an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, chun críocha na soghluaisteachta agus na foghlama breise.

(xi) I gcás inar gá, leanúint den obair chun torthaí na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla a aithint agus a bhailíochtú, lena n-áirítear obair dheonach, agus chun cuimsitheacht, cáilíocht agus aitheantas gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta trasteorann a fheabhsú.

**Tosaíocht straitéiseach 4 – Tarraingteacht, inniúlachtaí agus spreagadh i ngairm an oideachais agus na hoiliúna a fheabhsú**

(i) Leanúint de bharr feabhais sa teagasc a chur chun cinn ar gach leibhéal oideachais agus oiliúna agus tarraingteacht agus stádas ghairm an teagaisc, na hoideolaíochta agus na ceannaireachta a fheabhsú.

(ii) An comhar Eorpach a neartú chun na dea-chleachtais a chomhroinnt chun múinteoirí agus oiliúnóirí inniúla ardcháilithe spreagtha a mhealladh agus a choinneáil, lena n-áirítear i ndáil lena ndálaí oibre.

(iii) Rannchuidiú le Clár Oibre an Aontais Eorpaigh le haghaidh Múinteoirí agus Oiliúnóirí a fhorbairt.

(iv) Leanúint de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt bunscileanna agus ardscileanna agus buninnúlachtaí agus ardinniúlachtaí digiteacha agus oideolaíochtaí nuálacha, lena n-áirítear a áirithiú go dtugtar aghaidh in oideachas múinteoirí ar inniúlachtaí múinteoirí chun teagasc i dtimpeallachtaí digiteacha agus chun freagairt do dhúshláin agus do dheiseanna na hintleachta saorga.

(v) Leanúint de líonraí institiúidí oideachais múinteoirí a fhorbairt, trí Acadaimh Múinteoirí Erasmus+.

(vi) Tacú le múinteoirí, oideoirí, oiliúnóirí agus ceannairí san oideachas agus san oiliúint chun an cuimsiú, an cothromas agus an éagsúlacht a bhainistiú ó thaobh teanga, cultúir agus aoise de.

(vii) Leanúint de líon agus de cháilíocht na ndeiseanna soghluaisteachta foghlama a mhéadú do mhúinteoirí, d'oiliúnóirí, do cheannairí oideachais agus oiliúna agus do bhaill foirne oideolaíocha agus oideachais eile san Eoraip.

(viii) Oibriú i dtreo míchothromaíochtaí inscne a laghdú ar gach leibhéal agus i ngach cineál gairme a bhaineann le hoideachas agus oiliúint.

(ix) Rannchuidiú le creat inniúlachta Eorpach a d'fhéadfaí a fhorbairt don fhoireann acadúil agus bearta a chur chun feidhme chun tarraingteacht agus inbhuanaitheacht gairmeacha ardoideachais a áirithiú.

**Tosaíocht straitéiseach 5 – Gairmoideachas agus gairmoiliúint Eorpach den scoth agus tarraingteach a chothú**

(i) Córas gairmoideachais agus gairmoiliúna atá tarraingteach agus nuálach a shaothrú trí Straitéis Eorpach le haghaidh gairmoideachais agus gairmoiliúna a fhorbairt a bheidh dírithe ar tharraingteacht, ar bharr feabhais agus ar chuimsitheacht.

(ii) Leanúint den chomhar trasnáisiúnta a neartú, mar shampla faoi na hIonaid Barr Feabhais Gairme, agus tacú lena bhforbairt agus lena líonrú breise.

(iii) Soghluaisteacht foghlaimeoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna a éascú trí bhreathnú ar dhioplóma/lipéad Eorpach gairmoideachais agus gairmoiliúna ionchasach a fhorbairt, agus cuir chuige mhalartacha a d'fhéadfadh a bheith ann á gcur san áireamh ag an am céanna, d'fhonn cinneadh ón gComhairle a dhéanamh ag céim níos déanaí.

(iv) Leanúint de mhicridhintiúir a chur chun cinn agus a úsáid laistigh den Chreat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF) i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, más infheidhme.

(v) Dearbhú Herning maidir le Gairmoideachas agus Gairmoiliúint atá tarraingteach agus cuimsitheach a chur chun feidhme le haghaidh iomaíochas méadaithe agus poist ardcháilíochta 2026-2030.

(vi) An Comhaontas Eorpach do Phrintíseachtaí a leathnú a thuilleadh.

(vii) Machnamh a dhéanamh ar thionscnaimh ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a bhaineann leis an bPlean Straitéiseach um Oideachas ETIM.

(viii) Rannchuidiú leis an aistriú glas agus leanúint de pheirspictíochtaí inbhuanaitheachta comhshaoil a chur chun cinn ar fud na gcuraclam oideachais agus oiliúna.

(ix) Leanúint d'aghaidh a thabhairt ar bhunscileanna agus ardscileanna agus buninniúlachtaí agus ardinniúlachtaí digiteacha a fhorbairt sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint chun aghaidh a thabhairt ar chlaochlú teicneolaíoch agus digiteach an gheilleagair agus na sochaí agus chun freagairt dóibh.

**Tosaíocht straitéiseach 6 – Ardoideachas Eorpach iomaíoch a chur chun cinn**

(i) Leanúint de chomhar níos dlúithe agus níos doimhne a spreagadh idir institiúidí ardoideachais trí chomhar trasnáisiúnta rianúil a chur chun cinn agus a chothú.

(ii) Leanúint d’fhorbairt thionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha faoi chlár Erasmus+, i sineirgíocht le hionstraimí cistiúcháin réigiúnacha, náisiúnta agus de chuid an Aontais, bunaithe ar mheastóireacht ar an dul chun cinn atá déanta cheana.

(iii) Leanúint den aitheantas frithpháirteach uathoibríoch cáilíochtaí a fheabhsú chun críche staidéir bhreise[36].

(iv) Leanúint den phróiseas trí chéim a comhaontaíodh i mí na Bealtaine 2025 ‘d’fhonn lipéad céime Eorpaí comhpháirtí a chur chun feidhme agus an bealach a réiteach do chéim Eorpach chomhpháirteach’, ar bhonn obair Shaotharlann Bheartais na Meithle um Ardoideachas de chreat straitéiseach an Limistéir Eorpaigh Oideachais, agus cineálacha malartacha cur chuige a d’fhéadfadh a bheith ann á gcur san áireamh ag an am céanna.

---

**36** I gcomhréir le Moladh ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch a chur chun cinn do cháilíochtaí ardoideachais agus meánoideachais shinsearaigh agus do thorthaí tréimhsí foghlama thar lear, (IO C 444, 10.12.2018, lch. 1).

(v) Leanúint de bhreathnú ar chreat a fhorbairt le haghaidh dearbhú cáilíochta le haghaidh comhghuaillíochtaí institiúidí ardoideachais, bunaithe ar na Caighdeáin agus Treoirlínte Eorpacha um Dhearbhú Cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais agus ar chaighdeáin an Chur Chuige Eorpaigh um Dhearbhú Cáilíochta Clár Comhpháirteach.

(vi) Inrochtaineacht mhéadaithe ar ardoideachas a shaothrú do réimse níos leithne foghlaimeoirí agus aoiseanna, agus treoir agus tacaíocht spriocdhírithe a thabhairt dóibh chun cuidiú leo a bheith rathúil.

(vii) Machnamh a dhéanamh ar thionscnaimh ghairmoideachais a bhaineann leis an bPlean Straitéiseach um Oideachas ETIM.

(viii) Soghluaisteacht chothrom, cúrsaíocht chothrom agus leithdháileadh cothrom scileanna a spreagadh.

(ix) Leanúint de shineirgí a fheabhsú agus obair bhreise a éascú idir earnálacha an ardoideachais, na nuálaíochta, an taighde agus an gheilleagair, agus béim á leagan ar ábharthacht mhargadh an tsaothair agus ar fhiontraíocht a neartú.

(x) Leanúint den bhonn fianaise maidir le cineál nuálach, cuimsitheach agus iomaíoch earnáil ardoideachais na hEorpa a fheabhsú, lena n-áirítear maidir le hábharthacht na scileanna a sealbhaíodh agus maidir le hinchomparáideacht torthaí céimithe.

(xi) Tacú le ceapadh beartas atá bunaithe ar fhianaise, go háirithe trí fheabhas leanúnach a chur ar an bhFaireachlann Eorpach um an Earnáil Ardoideachais, agus tríd an suirbhé Eorpach ar mhic léinn 'Eurostudent' a chur chun cinn, agus tríd an suirbhé Eorpach ar rianú céimithe 'Eurograduate' a chur chun cinn.

(xii) Leanúint de mhicridhintiúir a chur chun cinn agus a úsáid i réimse an ardoideachais.

(xiii) Úsáid bhreise a bhaint as tionscnamh an Chárta Mic Léinn Eorpaigh, agus é mar aidhm leis dul chun tairbhe gach mac léinn soghluaiste san Eoraip.

(xiv) Leanúint d'aghaidh a thabhairt ar scileanna agus inniúlachtaí digiteacha a fhorbairt sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, lena n-áirítear úsáid na hintleachta saorga, chun aghaidh a thabhairt ar chlaochlú teicneolaíoch agus digiteach an gheilleagair agus na sochaí agus chun freagairt dó sin.

(xv) Rannchuidiú le tacú le luachanna bunúsacha acadúla a chosaint, i sineirgíocht le gníomhaíochtaí Phróiseas Bologna agus an Limistéir Eorpaigh Taighde.